



TÉACSANNA ARNA nGLACADH

Eagrán sealadach

P9_TA-PROV(2020)0183

Ceartha daoine faoi mhíchumas intleachta agus a dteaghlaigh i ngéarchéim COVID-19

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Iúil 2020 maidir le ceartha daoine faoi mhíchumas intleachta agus a dteaghlaigh i ngéarchéim COVID-19 (2020/2680(RSP))

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint d’Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus d’Airteagail 2, 9, 10, 19, 165, 166, 168, agus 216(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),
 - ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (CCB), go háirithe Airteagail 1, 3, 14, 20, 21, 26 agus 35 di,
 - ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (CRPD), go háirithe Airteagail 4(3), 11, 24, 25 agus 28 de i gcomhréir le Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle an 26 Samhain 2009 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas¹,
 - ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, go háirithe prionsabal 17 de maidir le cuimsiú daoine faoi mhíchumas, prionsabal 3 de maidir le comhdheiseanna, agus prionsabal 10 de maidir le timpeallacht oibre atá sláintiúil, sábháilte agus oiriúnaithe agus cosaint sonraí,
 - ag féachaint do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus dá Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna), a bhfuil an tAontas tiomanta dá gcur chun feidhme,
 - ag féachaint dá rún an 17 Aibreán 2020 maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paidéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac²,
 - ag féachaint do Riail 227(2) dá Rialacha Nós Imeachta,
- A. de bhrí go bhfuair an Coiste um Achainíochacha achainí Uimh. 0470/2020 ina n-ardaítear ábhair inní maidir le ceartha daoine faoi mhíchumas intleachtúil agus a dteaghlach i

¹ IO L 23, 27.1.2010, lch. 35.

² Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0054.

ngéarchéim COVID-19 agus ag iarraidh ar AE a áirithiú go mbeidh na bearta a rinneadh le linn ghéarchéim COVID-19 agus a hiarmhairtí ag teacht le CRPD agus le CCB araon;

- B. de bhrí go ndéantar a shuí, le hAirteagal 11 de CRPD, mar an chéad chonradh idirnáisiúnta um chearta an duine a daingníodh ag AE agus a 28 mBallstát, go ndéanfaidh na Stáit is Páirtithe sa Choinbhinsiún gach beart is féidir a ghlacadh chun cosaint agus sábháilteacht daoine faoi mhíchumas a áirithiú i gcásanna riosca agus éigeandálaí daonnúla;
- C. de bhrí gur cheart go n-urramófaí i gcónaí leis na bearta a ghlac rialtais le linn imthosca eisceachtúla amhail mórghéarchéim sláinte, éigeandálaí daonnúla agus tubaistí nádúrtha, cearta bunúsacha gach duine aonair agus nach féidir idirdhealú a dhéanamh ar ghrúpaí áirithe amhail daoine atá faoi mhíchumas;
- D. de bhrí gur mó an baol atá ann go bhfulaingeoideadh daoine faoi mhíchumas intleachta ó COVID-19 mar gheall ar na bacainní ar rochtain a fháil ar fhaisnéis choisctheach agus ar shláinteachas, an spleáchas ar theagmháil fhisiciúil le daoine tacaíochta, a mhaireann go minic in institiúidí agus i seirbhísí pobalbhunaithe, chomh maith le riochtaí sláinte eile a bhaineann le míchumais áirithe;
- E. de bhrí go mbíonn tionchar ar leith ag bearta dianghlasála ar dhaoine faoi mhíchumas intleachta;
- F. de bhrí go léirítear le géarchéim COVID-19 agus leis na bearta dianghlasála an leithscaradh sóisialta leanúnach agus an t-idirdhealú leanúnach a dhéantar ar dhaoine faoi mhíchumas intleachta;
- G. de bhrí nach bhfuil ach fáil theoranta ar shonraí imdhealaithe a d'fhéadfadh cuidiú le tionchar éifeachtaí na paindéime ar dhaoine faoi mhíchumas intleachta a chinneadh;
- H. de bhrí gur tuairiscíodh i roinnt Ballstát gur diúltaíodh cóireáil leighis do dhaoine faoi mhíchumas intleachta, gur cuireadh faoi ghlais iad in institiúidí agus go raibh orthu aghaidh a thabhairt ar scaradh sóisialta agus gan aon chuairt a fháil ó bhaill teaghlaigh gan aon aon deis acu filleadh ar a ngaolta, agus gur tugadh isteach treoirlínte idirdhealaitheacha triáise;
- I. de bhrí gur dúnadh síos go sealadach struchtúir do dhaoine faoi mhíchumas intleachta, amhail ionaid chúraim lae nó scoileanna, agus gur tháinig éigeandálaí chun cinn a cheangail ar theaghlaigh aire a thabhairt dá ngaolta le míchumais intleachta;
- J. de bhrí gur léirigh an ghéarchéim COVID-19 nach bhfuil coincheap an oideachais ionchuimsithigh ina réaltacht go fóill; de bhrí nach raibh foghlaimoirí atá faoi mhíchumas intleachta i roinnt mhaith Ballstát in ann leanúint dá gcuid foghlama le linn na dianghlasála; de bhrí nach bhfuil tacaíocht ag teaghlaigh chun oideachas a chur ar fhoghlaimoirí faoi mhíchumas intleachta, lena n-áirítear teicneolaíochtaí digiteacha agus nuálacha inrochtana agus feidhmchláir don chianfhoghlaim;
- K. de bhrí gur féidir ról ríthábhachtach a bheith ag teicneolaíocht na tacaíochta ardchaighdeáin do dhaoine faoi mhíchumas, dá dtuismitheoirí, dá dteagascóirí agus dá soláthraithe seirbhísí cúraim;
- L. de bhrí gur tuairiscíodh go raibh easpa mhór trealaimh cosanta ann do dhaoine faoi

mhíchumas, go háirithe dóibh siúd atá ina gcónaí in institiúidí, dá ndaoine tacaíochta agus dá bhfoireann;

- M. de bhrí go gceanglaítear le hAirteagal 4(3) de CRPD ar Stáit is Páirtithe dul i ndlúthchomhairle le daoine faoi mhíchumas agus a bheith rannpháirteach go gníomhach leo, lena n-áirítear leanaí faoi mhíchumas, trína n-eagraíochtaí ionadaíocha, i ngach próiseas cinnteoireachta a dhéanann difear dóibh;
 - N. de bhrí gur cheart don Aontas agus do na Ballstáit dul i gcomhairle le heagraíochtaí daoine faoi mhíchumas agus páirt ghníomhach a ghlacadh iontu mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, rud a d'fhéadfadh glacadh beart a sháraíonn a gcearta bunúsacha a bheith mar thoradh air ar shlí eile;
 - O. de bhrí gur sheol an tOmbudsman Eorpach tionscnamh, a bhí dírithe ar an gCoimisiún Eorpach, chun faisnéis a bhailiú faoin gcaoi a ndeachaigh an ghéarchéim COVID-19 i bhfeidhm ar bhaill foirne faoi mhíchumas agus ar na bearta cóiríochta réasúnta a cuireadh i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanas agus a chinneadh cibé an féidir aon cheann de na réitigh a aimsíodh agus atá beartaithe a úsáid chun idirghníomhaíocht níos éasca a chur chun cinn le riarachán AE do bhaill den phobal atá faoi mhíchumas;
1. á chur in iúl gur cúis bhuartha di é an tionchar díréireach atá ag géarchéim COVID-19 ar dhaoine faoi mhíchumas intleachta agus ar dhaoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte eile acu agus ar a dteaghlaigh, rud a chruthaíonn ualaí breise do bhaill teaghlaigh, ar mná iad go leor acu; ag cur béim ar an bhfioras gur cheart nach ndéanfaí leithlisiú níos mór fós ar dhaoine faoi mhíchumas agus iad ag teacht amach as céim na dianghlasála, agus gur cheart caitheamh leo mar thosaíocht sa chéim sin;
 2. á mheabhrú di go raibh an dianghlasáil ina fadhb thromchúiseach, ní hamháin do dhaoine faoi mhíchumas intleachta, ach do gach duine a bhfuil fadhb meabhairshláinte acu, mar go ndéanann an dianghlasáil na fadhbanna níos measa;
 3. á mheas go mbíonn tionchar diúltach ar leith ag bearta dianghlasála ar dhaoine faoi mhíchumas agus go bhfuil gá le níos mó solúbthachta ó na húdaráis;
 4. ag cáineadh go láidir aon idirdhealú leighis ar dhaoine faoi mhíchumas intleachta; á mheabhrú di nach mór do bhearta ábhartha arna nglacadh ag na Ballstáit a bheith i gcomhréir le CRPD, lena n-áirítear rochtain chomhionann agus neamh-idirdhealaitheach ar chúram sláinte agus ar sheirbhísí sóisialta; á chur i bhfáth go bhfuil an chóir leighis chéanna dlite do dhaoine faoi mhíchumas intleachta nó do dhaoine a bhfuil meabhairghalar orthu agus atá d'aon duine eile le COVID-19, lena n-áirítear dianchúram leighis;
 5. á mheabhrú di nach mór do threoirínte leighis a bheith neamh-idirdhealaitheach agus nach mór dóibh cloí leis an dlí idirnáisiúnta agus leis na treoirínte eiticíúla atá ann cheana maidir le cúram i gcás éigeandála, géarchéime sláinte agus tubaistí nádúrtha;
 6. á mheabhrú di nach mór rochtain ar sheirbhísí tacaíochta, ar chúnamh pearsanta, ar inrochtaineacht fhisiceach agus chumarsáide a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas intleachta le linn na dianghlasála trí mhodhanna nuálacha cúraim sláinte a ghlacadh;
 7. á iarraidh go ndéanfaí sonraí a bhailiú i ngach Ballstát maidir le cóireáil daoine faoi

mhíchumas intleachta in ospidéal, in institiúidí agus i seirbhísí pobalbhunaithe agus maidir le rátaí báis daoine faoi mhíchumas chomh maith le measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil nó nach bhfuil daoine faoi mhíchumas ag fáil cosaint, cúram sláinte agus tacaíocht leordhóthanach le linn na géarchéim COVID-19;

8. á chur i bhfios go láidir go gcuireann bearta leithlisithe isteach go mór ar mheabhairshláinte daoine faoi mhíchumas intleachta agus a ngaolta agus gur cheart bearta gaolmhara a chur in oiriúint do riachtanais daoine faoi mhíchumas intleachta chun a bhfolláine agus a mbeatha neamhspleách a áirithiú;
9. á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé de cheart ag gach duine maireachtáil go neamhspleách, faisnéis láithreach agus cheart faoin bpaindéim agus na bearta a dhéanann difear dóibh agus dá muintir a fháil i bhformáid inrochtana; ag éileamh go mbeadh gach cumarsáid sláinte poiblí inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus go gcuirtear ar fáil í i dteanga shimplí agus i roinnt formáidí traidisiúnta agus digiteacha agus ina dteangacha comharthaíochta náisiúnta;
10. á aithint gur oscailt súl é an chaoi ina raibh cúrsaí le linn COVID-19 i ndáil leis an aird a tugadh ar an gcomharghrúpa seo; á aithint nach mór aird a thabhairt trí sheirbhísí sláinte poiblí láidre; á iarraidh go ndéanfaí breithniú a neartú a dhéanamh orthusan trí mhaoiniú ar leibhéal AE i gcás inarb iomchuí agus inar féidir; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé beartais sláinte iomchuí a bheith ag na Ballstáit;
11. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé bacainní a bhaint a mbíonn ar dhaoine faoi mhíchumas intleachta dul i ngleic leo agus iad ag rochtain seirbhísí sláinte agus táirgí sláinteachais, chomh maith lena thábhachtaí atá sé breithniú a dhéanamh ar bhearta cóiríochta réasúnta a chuirfeadh ar an gcumas a bheith ag teilea-obair;
12. á chur i bhfáth go bhfuil paindéim COVID-19 tar éis bearnaí móra a nochtadh sna córais tacaíochta do roinnt mhaith grúpaí ardbhaoil sa tsochaí; á chur i bhfios go láidir gur cheart gur tosaíocht a bheadh ann infheistiú san aistriú diaidh ar ndiaidh ó chúram institiúideach go seirbhísí pobalbhunaithe do dhaoine faoi mhíchumas; á chur i bhfios go láidir gur cheart do chistí infheistíochta tacú le soláthar seirbhísí tacaíochta pearsantaithe, ós rud é gur fhulaing go leor de sholáthraithe na seirbhísí sin go mór le linn agus i ndiaidh na paindéime agus go bhfuil siad i mbaol dúnadh síos go brách;
13. á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhaíochtaí nua a dhéanamh chun infheistíochtaí agus acmhainní riachtanacha a shlógadh chun leanúnachas seirbhísí cúraim agus tacaíochta a ráthú, i gcomhréir le prionsabail CRPD agus le prionsabal Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta;
14. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit prótacail choiteanna a áirithiú do chásanna a d'fhéadfadh a bheith i mbaol nó d'éigeandálaí daonnúla agus do thubaistí nádúrtha amach anseo, bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh le linn ghéarchéim COVID-19, lena n-áirítear an trealamh cosanta is gá, na hábhair faisnéise agus oiliúint a chur ar fáil do ghairmithe cúraim sláinte agus cúraim shóisialta mar aon le comhlachtaí rialála, agus riachtanais agus dálaí sonracha daoine atá faoi mhíchumas á gcur san áireamh i gcónaí;
15. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dul i gcomhairle le daoine faoi mhíchumas agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha faoi seachas ón tús agus bearta á

nglacadh acu chun freagairt do ghéarchéim amach anseo;

16. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar cibé an bhfuil seirbhísí sláinte agus sóisialta ina seirbhísí inbhuanaithe ar féidir iad a chur in oiriúint do chineálacha nua soláthair seirbhíse; á iarraidh go ndéanfaí fíorchuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus maoiniú AE á leithdháileadh ar na seirbhísí sin, ag díriú orthus an dhéanann maireachtáil phobalbhunaithe a thairiscint seachas iadsan a chuireann daoine in institiúidí; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú nach bhfuil aon bhacainní i mbealach na rochtana ar chúram sláinte;
17. á iarraidh ar an gCoimisiún Straitéis Eorpach um Míchumas a bheidh cuimsitheach, uailmhianach agus fadtéarmach a chur ar aghaidh tar éis 2020 (an Straitéis iar-2020) lena n-áirítear na ceachtanna a foghlaimíodh ón ngéarchéim COVID-19;
18. á chur i bhfáth gur gá déanamh de réir phrionsabal an deartha uilíoch, agus na féidearthachtaí a chuireann teicneolaíochtaí agus feidhmeanna digiteacha agus nuálacha ar fáil á gcur san áireamh agus acmhainní atá inrochtana d'fhoghlaimoirí faoi mhíchumas intleachta á bhforbairt agus gníomhaíochtaí cianfhoghlama;
19. á chur i gcuimhne don Choimisiún acmhainneacht neamhshaothraithe na dteicneolaíochtaí digiteacha agus na bhfeidhmchlár chun maireachtáil neamhspleách daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn; á éileamh go mbainfí úsáid níos fearr as na teicneolaíochtaí agus as na feidhmchláir sin le linn cásanna baoil féideartha amach anseo nó éigeandálaí daonnúla, agus tubaistí nádúrtha; á chur i bhfáth a thábhachtaí is atá sé go mbeadh acmhainní ceadúnaithe oscailte ar fáil ar líne chomh maith le huas-sciliú do mhúinteoirí maidir le húsáid teicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide;
20. á iarraidh ar na Ballstáit tacaíocht shíceolaíoch a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas intleachta chun tionchar na mbeart dianghlasála a mhaolú;
21. á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go mbeadh cosaint dlí ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas intleachta trí aird ar leith a thabhairt ar chásanna a shainaitheint go réamhghníomhach ar cásanna iad de dhaoine faoi mhíchumas intleachta nach bhfuil an inniúlacht dhlíthiúil acu nó rochtain leordhóthanach ar a gcaomhnóir dlí chun a gcearta a ráthú;
22. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún Eorpach agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.